



PÁIPÉAR CATT LAN 1 (09) JC

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

FORMÁID RANNACH AN FHORAIS TEANGA

INIS CEITHLEANN

16 EANÁIR 2009

DRÉACHT-CHOMHRÁITEAS

1. Rinneadh an seachtú cruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas i bhFormáid Rannach an Fhorais Teanga a sheoladh in Inis Ceithleann ar 16 Eanáir 2009.
2. Ba iad Gregory Campbell MP MLA, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, agus Michelle Gildernew MP MLA, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe, ionadaithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Ba é Éamon Ó Cuív TD, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ionadaí Rialtas na hÉireann. Bhí an tAire Campbell ina chathaoirleach ar an gcruinniú.
3. Ag an gcruinniú, déileáladh le saincheisteanna a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, is é sin le rá, Tha Boord o Ulstèr Scotch (Gníomhaireacht na hUltaise) agus Foras na Gaeilge.

TUARASCÁLACHA AR DHUL CHUN CINN

4. Fuair an Chomhairle tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Phríomhfheidhmeannaigh Tha Boord o Ulstèr Scotch (an tUas George Patton) agus Fhoras na Gaeilge (an tUas. Ferdie Mac an Fhailigh) maidir le forbairtí i 2008. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an gcaidreamh láidir oibre idir an dá Gníomhaireacht a bhfuil comhoibriú déanta acu lena chéile ar réimse tionscadal le déanaí, lena n-áirítear;

- scannán a tháirgeadh i nGaeilge faoin Ultais agus faoi chultúr na hUltaise ar scannán é atá le craoladh ar TG4 le linn na chéad ráithe den bhliain 2009;
- urraíocht do Sheó Idirnáisiúnta Capall Bhéal Feirste;
- eagrú scéim na nAmbasadóirí Óga i nDún Phádraig sa bhliain 2008 ar scéim í trína mbíonn daoine óga as Stáit Aontaithe Mheiriceá ag obair leis na gníomhaireachtaí ar thaighde teanga agus cultúir; agus
- cómhaoiniú ag na gníomhaireachtaí, i gcomhar le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, do 2 phost mar "Oifigeach Forbartha Ealaíon d'Ealaíona Teanga".

PLEANANNA GNÓ 2009

5. Nótáil an Chomhairle na dréachtPhleananna Gnó 2009 don Fhoras Teanga agus dá Gníomhaireachtaí atá fós faoi bhreithniú ag na Ranna urraíochta agus na Ranna Airgeadais i gcomhréir le cúinsí buiséid sa dá dhlínse. Chomhaontaigh an Chomhairle go ndíreoidh na pleananna seo ar thosaíochtaí tábhachtacha Aireachta i leith an dá Gníomhaireacht. Oibreoidh an dá Roinn urraíochta le chéile chun na pleananna gnó a thabhairt chun críche agus iad a thabhairt ar aghaidh le ceadú ag cruinniú CATT amach anseo.

FOIRNIÚ AGUS DÍLÁRÚ FHORAS NA GAEILGE

6. Phléigh an Chomhairle saincheisteanna maidir le foirniú Fhoras na Gaeilge agus rinneadh breithniú ar dhílárú fhoireann an Fhorais go Gaoth Dobhair.

TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AGUS CUNTAIS AN FHORAIS TEANGA

7. Rinne an Chomhairle :

- breithniú ar an staid a bhaineann le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais chomhdhlúite atá gan foilsiú;
- aird a thabhairt ar na castachtaí a bhaineann le Tuarascálacha Bliantúla agus na Cuntais Bhliantúla a thiomsú, a iniúchadh agus a chomhdhlúthú;
- fáilte a chur roimh na dearbhuithe atá tugtha dóibh ag Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na nGníomhaireachtaí go leanfar de leibhéal ard tosaíochta a thabhairt don obair seo; agus
- a iarraidh go ndéanfar tuarascáil ar dhul chun cinn a thabhairt don chéad chruinniú CATT eile i bhformáid rannach an Fhorais Teanga.

CÚRAM THA BOORD O ULSTER SCOTCH

8. Nótáil agus dhearbhaigh na hAirí Prótacal Tha Boord O Ulstèr Scotch, a rialaíonn maoiniú i ndáil le gníomhaíochtaí agus taisteal an Bhoird Iasmuigh d'oileán na hÉireann.

An Chomhrúnaíocht

16 Eanáir 2009